



PREASEISIÚINT Uimh. 10/25

Lucsamburg, 4 Feabhra 2025

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-158/23 | [Keren] ¹

Cosaint idirnáisiúnta: ní chuirtear bac le dlí an Aontais, faoi choinníollacha áirithe, ar cheanglas a bheith ar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta pas a fháil i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta.

Mar sin féin, ní féidir pionós córasach a ghearradh mar thoradh ar theip i scrúdú den sórt sin.

Foráiltear le reachtaíocht na hÍsiltíre go mbeidh oibleagáid, go háirithe ar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, pas a fháil i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta laistigh de thréimhse áirithe. I gcás teipe, féadfar fineáil a ghearradh. Cuireann an chúirt béim ar a thábhachtaí atá sé eolas a fháil, go háirithe eolas teanga, ar mhaithe le lánpháirtíú na ndaoine sin agus aithníonn an Chúirt go bhfuil an fhéidearthacht ag na Ballstáit, faoi choinníollacha áirithe, rannpháirtíocht i gcláir lánpháirtíochta sibhialta agus pas sna scrúduithe gaolmhara a dhéanamh éigeantach. Mar sin féin, ní mór aird a thabhairt ar chúinsí pearsanta agus athraitheacha thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta. Ní fhéadfaí fineáil a ghearradh ach amháin i gcásanna eisceachtiúla, amhail i gcás ina léirítear easpa toilteanas cruthaithe agus leanúnach ó thaobh lánpháirtíochta de. Thairis sin, dá mbeadh ar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta, i bprionsabal, costais uile chúrsaí agus scrúduithe an chláir lánpháirtíochta sibhialta a íoc, bheadh ualach míréasúnta i gceist.

Shroich Eiritréach an Ísiltír nuair a bhí sé 17 mbliana d'aois agus aithníodh é mar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta. Nuair a bhí sé 18 mbliana d'aois, chuir údarais na hÍsiltíre in iúl dó go raibh oibleagáid air tabhairt faoi oiliúint lánpháirtíochta sibhialta de bhun dhlí na hÍsiltíre. Chomh maith leis sin, bhí air pas a fháil, i bprionsabal laistigh de 3 bliana, i ngach cuid den scrúdú lánpháirtíochta sibhialta. Cuireadh síneadh bliana leis an tréimhse sin, ar an bhforas gur fhan sé in ionad glactha d'iaratasóirí ar thearmann san fhadtearma agus gur thug sé faoi thraenáil. Mar sin féin, níor láithrigh an Eiritréach óg sin é féin i ranganna agus scrúduithe áirithe agus níos éirigh leis pas a fháil sna cinn a raibh sé i láthair dóibh.

Ghearr na húdarais fineáil €500 agus d'ordaigh siad dó an iasacht iomlán de €10,000, a dheonaigh an riarachán dó chun a bheith in ann costais an chláir lánpháirtíochta sibhialta a mhaoiniú, a aisíoc ina hiomláine, ar an bhforas nach raibh an clár sin curtha i gcrích aige laistigh den teorainn ama. Ina dhiaidh sin, díolmhaíodh é ón oibleagáid pas a fháil sa chlár sin, toisc go ndearna sé, ag an tráth sin, iarrachtaí leordhóthanacha. Bhí an díolmhú sin, áfach, gan dochar dá oibleagáid chun an fhíneáil a íoc agus an iasacht a aisíoc.

Thug sé caingean os comhair chúirteanna na hÍsiltíre agus ba í Comhairle Stáit na hÍsiltíre a rinne an cinneadh ceisteanna a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le haghaidh réamhrialú maidir le comhoiriúnacht chóras na hÍsiltíre leis an Treoir maidir le cosaint idirnáisiúnta. ²

Ina breithiúnas, **aithníonn an Chúirt nach gcuirtear bac leis an Treoir sin, faoi choinníollacha áirithe, ar riail náisiúnta lena gcuirfí oibleagáid ar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta pas a fháil i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta.**

I ndáil leis sin, cuireann an Chúirt béim ar **an tábhacht a bhaineann le heolas amhail de theanga agus de shochaí an Bhallstáit óstaigh a fháil chun lánpháirtiú na dtairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta i sochaí an Bhallstáit óstaigh a chur chun cinn** agus go háirithe chun rochtain ar mhargadh an tsaothair agus ar ghairmoiliúint a éascú dóibh. Ag an am céanna, tugann sí dá haire go bhfuil lánrogha áirithe ag na Ballstáit sa chomhthéacs sin. Mar sin féin, tá gá níos mó le cúinsí pearsanta agus athraitheacha thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta a chur san áireamh i bhfianaise a leochaileachta faoi leith, rud a thugann údar sonrach le deonú na cosanta sin.

Chomh maith leis sin, **ní mór go gcuirfí cúinsí sonracha aonair san áireamh, amhail aois, leibhéal oideachais, staid airgeadais nó sláinte an duine lena mbaineann.** Thairis sin, ní mór go mbeadh an t-eolas is gá chun pas a fháil i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta socraithe ar bhunleibhéal, gan dul thar a bhfuil riachtanach d'fhonn lánpháirtíocht a chur chun cinn agus é á chur san áireamh nach bhfuil na daoine lena mbaineann socraithe go buan laistigh den Aontas Eorpach go fóill. Ar deireadh, ní mór go ndéanfaí gach tairbhí de chosaint idirnáisiúnta a scaoileadh ón oibleagáid pas a fháil sa scrúdú sin má éiríonn leis taispeáint go bhfuil sé lánpháirtithe, i ndáiríre, cheana féin.

In aon chás, ní féidir teip i scrúdú den sórt sin a phionósú go córasach trí fíneáil a ghearradh. Ní fhéadfaí pionós den chineál sin a fhorchur ach amháin i gcásanna eisceachtúla, amhail i gcás ina léirítear easpa toilteanas cruthaithe agus leanúnach ó thaobh lánpháirtíochta de. Thairis sin, ní féidir fíneáil den sórt sin a bheith chomh mór sin go gcuirfeadh sí ualach airgeadais míréasúnta ar an tairbhí lena mbaineann, ag féachaint dá chúinsí pearsanta agus teaghlaigh.

Sa chás seo, tá feidhm chórasach ag an bhfíneáil dá bhforáiltear le reachtaíocht na hÍsiltíre agus d'fhéadfadh sé gurb ionann í agus €1,250. Is cosúil go mbeadh bearta den chineál sin díréireach go follasach i gcomparáid leis an gcuspoir a shaothraítear leis an riail sin.

Thairis sin, dá mbeadh ar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta, i bprionsabal, costais uile chúrsaí agus scrúduithe an chlár lánpháirtíochta sibhialta a íoc, bhainfí an bonn den chuspóir lánpháirtiú éifeachtach an tairbhí sin i sochaí an Bhallstáit óstaigh a áirithiú. Leis an oibleagáid sin, déantar ualach míréasúnta a fhorchur air a chuirfeadh bac, ní hamháin ar a rochtain éifeachtach ar an gclár lánpháirtíochta sibhialta, ach freisin ar fheidhmiú na gceart agus na sochar eile atá aige a eascraíonn as an Treoir maidir le cosaint idirnáisiúnta.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar '[Europe by Satellite](#)' ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní ag tagairt d'fhóirainm aon cheann de na páirtithe sna príomhimeachtaí.

² [Treoir 2011/95/AE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeán i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus inneachar na cosanta a thugtar.